Roinn Pleanála Chomhairle Contae Chorcaí

## Foirm Iarratais Fhorlíontach ar Thithe Aonair i gCeantair Tuaithe – SF1

Tá an fhoirm fhorlíontach seo beartaithe chun cabhrú le daoine atá ag cur isteach ar chead teach aonair a thógáil laistigh de cheann de na sé chineál limistéir faoin bheartas tithíochta tuaithe a aithnítear sa Phlean Forbartha Contae 2022 mar atá sonraithe thíos.

---

### (a) Cad iad na ceantair tuaithe den chontae a bhfuil polasaithe pleanála tithíochta tuaithe acu?

I gContae Chorcaí, tá cuspóirí beartais tithíochta tuaithe ar leith ann do shé chineál ceantair tuaithe éagsúla a shainaithnítear ar fud an Chontae ar fad mar seo a leanas:

- Crios Glas Uirbeach Chorcaí,
- Ceantar Tuaithe faoi Thionchar Láidir Uirbeach agus Criosanna Glasa Bailte,
- Limistéar Turasóireachta agus Éagsúlú Tuaithe,
- Ceantar Tuaithe Níos Láidre,
- Ceantar Tuaithe Idirchriosach,
- Ceantar Tuaithe níos laige ó thaobh struchtúir de.

Aithnítear na ceantair seo i bhFíor 5.1 d'Imleabhar a hAon de Phlean Forbartha an Chontae agus ar Bhrabhsálaí Léarscáile CDP atá ar fáil ag www.corkcoco.ie.[1]

### (b) Cén fáth atá an t-eolas breise seo ag teastáil ón gComhairle?

Measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann duine cuspóir iomchuí an bheartais tithíochta tuaithe a d'fhéadfadh a bheith ann sa limistéar tuaithe áitiúil ina bhfuil sé beartaithe acu teaghais a thógáil.

Cuideoidh an fhaisnéis san fhoirm seo leis an gComhairle cúinsí aonair an iarratasóra a chur san áireamh, chomh maith lena chinntiú go bhfuil riachtanas tithíochta atá ginte faoin tuath ag an iarratasóir[2].

### (c) Cé ar cheart dó an fhoirm seo a líonadh?

Ba chóir d'aon duine a bheartaíonn teaghais a thógáil i gceantar tuaithe, atá liostaithe faoi chuid (a); an fhoirm seo a chomhlánú agus í a chur isteach leis an iarratas. Úsáidfear an fhoirm chun riachtanas tithíochta a ghintear faoin tuath ag an iarratasóir a dheimhniú.

Níor cheart do dhuine ar bith an fhoirm a chomhlánú agus a shíniú ach an duine/na daoine a bhfuil sé ar intinn acu an chéad teach a thógáil le haghaidh buanchónaithe.

Ní leor síniú duine atá ag gníomhú thar a c(h)eann.

### Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí

Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí eolas pearsanta chun cur ar chumas an Údaráis Phleanála d'iarratas ar chead pleanála a phróiseáil. Go dlíthiúil is féidir leis an Údarás Pleanála an fhaisnéis seo a phróiseáil mar go bhfuarthas í le do thoiliú agus tá sé riachtanach chun dualgais reachtúla/dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is príomhthosaíocht don Chomhairle é do shonraí pearsanta a chosaint agus próiseálfar do chuid sonraí de réir Bheartas Príobháideachais na Comhairle atá ar fáil ag https://www.corkcoco.ie/privacy- statement-cork-county-council nó mar chruachóip ó oifig Chomhairle ar bith.

Má tá aon cheist agat faoi Pholasaí Príobháideachais na Comhairle nó faoin eolas atá ag Comhairle Contae Chorcaí fút, déan teagmháil leis an gComhairle trí ríomhphost a sheoladh chuig dpo@corkcoco.ienó scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire.

---

[1] Is féidir na doiciméid agus na léarscáileanna seo a scrúdú ag oifigí na Comhairle (Halla an Chontae agus Teach Norton, An Sciobairín), leabharlanna poiblí nó ar www.corkcoco.ie

[2] Is féidir mionsonraí foclaíocht na mbeartas pleanála ábhartha a fháil i gCaibidil 5 den Phlean Forbartha Contae 2022.

**(d) Conas a gheobhaidh mé amach cén Cineál Limistéir faoin Bheartas Tithíochta Tuaithe ina bhfuil mo shuíomh suite?**

Is é sainchomhairleoir / comhairleoir pleanála an iarratasóra féin is fearr atá in ann aon chuspóirí beartais phleanála a imscrúdú, chun breathnú ar stair phleanála sa cheantar agus chun míniú a thabhairt ar na beartais bheachta a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm i limistéar áirithe. Is féidir le Pleanálaithe Bainistíochta Forbartha na Comhairle cabhrú freisin le míniú a thabhairt ar na polasaithe pleanála ábhartha. Maidir leis seo reáchtálann Pleanálaithe Ceantair Clinicí Réamhphleanála míosúla chun bualadh le hiarratasóirí agus chun comhairle a chur orthu.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar chlinicí réamhphleanála nó chun áirithint a dhéanamh déan teagmháil leis an Roinn Pleanála[3].

**(e) Cén fáth a chabhródh an t-eolas seo le m'iarratas?**

Maidir le daoine a bhfuil suíomh oiriúnach acu agus a bhfuil fíorghá acu le tithíocht atá ginte faoin tuath, cuideoidh an fhaisnéis a chuirtear isteach chuig an Údarás Pleanála breithniú a dhéanamh ar thogra.

Moltar d’iarratasóirí aon eolas breise a chur san áireamh a dhéanfadh a gcás aonair chomh láidir agus is féidir. Tabhair do d’aire le do thoil go mbeidh gach eolas/cáipéisíocht tacaíochta a chuirtear isteach ar fáil go poiblí ar líne agus ag Oifigí na Comhairle le féachaint air. Dá bhrí sin, ba cheart d'iarratasóir(í) a chinntiú go mbaintear aon fhaisnéis phearsanta (i.e. UPSP, uimhreacha Cuntais Bhainc, dátaí breithe srl.) as an doiciméadú sula gcuireann siad isteach é mar chuid d'iarratas pleanála. Mhol an Rialtas, ina Threoirlínte[4] maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe, foirmeacha mar seo a úsáid chun cabhrú le hiarratasóirí.

**(f) Cén fáth a chaithfidh mé ainm moltóra a thabhairt ar an bhfoirm?**

Nuair a thugtar ainm moltóra san fhoirm iarratais fhorlíontach is féidir leis an Údarás Pleanála an fhaisnéis a chuirtear isteach a fhíorú agus a dhoiciméadú i gceart.

Is féidir le duine den Cléir, Aturnae, Garda, Coimisinéir Síochána nó Príomhoide Scoile a bheith mar mholtóir oiriúnach.

**(g) Má fhreagraím gach rud san fhoirm seo, cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?**

Mar a mhínítear thuas, beidh an fhaisnéis bhreise san fhoirm iarratais fhorlíontach seo úsáideach chun an cinneadh pleanála a dhéanamh. Má chinneann an Chomhairle cead a thabhairt ar bhonn imthosca aonair duine, beidh ar na hiarratasóirí de ghnáth gealltanas dlíthiúil a thabhairt go n-úsáidfear an teaghais dá mbuanchónaí. I gcásanna iomchuí, chuirfí é seo san áireamh mar choinníoll pleanála foirmiúil.

Ní thugann an t-eolas san fhoirm aghaidh ar gach ceist phleanála i gceantar tuaithe – beidh feidhm ag gnáthcheisteanna eile maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe freisin - féach Cuid 5.6 agus 5.7 den Phlean Forbartha Contae.

D'aireofaí orthu sin: - stair phleanála, roghnú láithreáin; dearadh; tionchar físiúil; sábháilteacht ar bhóithre; draenáil; diúscairt eisiltigh agus soláthar uisce; truailliú agus sábháilteacht phoiblí; tionchair ar oidhreacht nádúrtha, seandálaíochta nó thógtha, saincheisteanna comhshaoil agus aon bheartais agus caighdeáin phleanála ábhartha eile srl.

Ba cheart duit dul i dteagmháil le do chomhairleoir pleanála féin chun comhairle a fháil ar na gnéithe eile seo de do thogra.

[3] Tá Príomh - Oifig Pleanála na Comhairle ag Halla an Chontae, Corcaigh, Uimh. Theil. 021-4285957 agus Tá Oifig Pleanála Iarthar Chorcaí ag Teach Norton, An Sciobairín, Uimh. Theil. 028-40340.

[4] Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (Aibreán 2005).

## Foirm Iarratais Phleanála Fhorlíontach – SF1

Ionas gur féidir leis an Údarás Pleanála na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil a phróiseáil, teastaíonn toiliú uait. Maidir leis seo, déan cinnte le do thoil go gcomhlánaíonn tú **Cuid 3 – Cosaint Sonraí** ar an bhfoirm Iarratais ar Chead Pleanála.

### 1. An tIarratasóir / Na hIarratasóirí

(Comhlánaigh na sonraí seo le haghaidh gach iarratasóra, le do thoil. I gcás níos mó ná beirt iarratasóirí, cuir bileog/bileoga ar leith leis.

| | Iarratasóir 1 | | | | | | Iarratasóir 2 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Ainm (lena n-áirítear an t-ainm roimh phósadh, nuair is infheidhme): | | | | | 1.10 | Ainm (lena n-áirítear an t-ainm roimh phósadh, nuair is infheidhme): | | | | |
| 1.2 | Cad é do sheoladh reatha? | | | | | 1.11 | Cad é do sheoladh reatha? | | | | |
| 1.3 | Cá fhad a bhfuil tú i do chónaí ag do sheoladh reatha? | | | | | 1.12 | Cá fhad a bhfuil tú i do chónaí ag do sheoladh reatha? | | | | |
| 1.4 | Maidir leis an seoladh seo, cuir tic le ceann amháin díobh seo a leanas:- | | | | | 1.13 | Maidir leis an seoladh seo, cuir tic le ceann amháin díobh seo a leanas:- | | | | |
| | I seilbh agat | | ☐ | | | | I seilbh agat | | | ☐ | |
| | Ar Cíos | | ☐ | | | | Ar Cíos | | | ☐ | |
| | Eile (mínigh le do thoil) | | | | | | Eile (mínigh le do thoil) | | | | |
| 1.5 | Catagóir Aoise (tic ceann amháin) | | | | | 1.14 | Catagóir Aoise (tic ceann amháin) | | | | |
| | 0-19 | 20-24 | 25-44 | 45-59 | 60+ | | 0-19 | 20-24 | 25-44 | 45-59 | 60+ |
| | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| 1.6 | Luaigh do phríomhghairm bheatha, ainm agus seoladh an fhostóra agus an áit ina bhfuil tú ag obair, Éirchód san áireamh. | | | | | 1.15 | Luaigh do phríomhghairm bheatha, ainm agus seoladh an fhostóra agus an áit ina bhfuil tú ag obair, Éirchód san áireamh. | | | | |
| 1.7 | An ról lánaimseartha nó páirtaimseartha é seo? | | | | | 1.16 | An ról lánaimseartha nó páirtaimseartha é seo? | | | | |
| 1.8 | Cathain a thosaigh tú sa bhfostaíocht seo? | | | | | 1.17 | Cathain a thosaigh tú sa bhfostaíocht seo? | | | | |
| 1.9 | An bhfuil slí bheatha / post / ról eile agat? Tabhair sonraí faoi, le do thoil, agus tabhair ainm agus seoladh an fhostóra / seoladh na fostaíochta, Éirchód san áireamh. | | | | | 1.18 | An bhfuil slí bheatha / post / ról eile agat? Tabhair sonraí faoi, le do thoil, agus tabhair ainm agus seoladh an fhostóra / seoladh na fostaíochta, Éirchód san áireamh. | | | | |

## 2. Ceangal leis an gCeantar Tuaithe Áitiúil:

Tabhair léargas chomh hiomlán agus is féidir den cheangal áitiúil tuaithe atá ag gach iarratasóir – más ann dó. Cuir léarscáileanna san áireamh nuair is gá. Is féidir sonraí breise a thabhairt ar bhileoga breise más gá.

| Iarratasóir 1 | | | Iarratasóir 2 |
|---|---|---|---|
| 2.1 | Ar chónaigh tú sa cheantar tuaithe áitiúil * ina bhfuil an láithreán suite ?<br><br>Chónaigh ☐ Níor chónaigh. ☐ | 2.5 | Ar chónaigh tú sa cheantar tuaithe áitiúil * ina bhfuil an láithreán suite ?<br><br>Chónaigh ☐ Níor chónaigh. ☐ |
| 2.2 | Má tá, tabhair sonraí seoladh / seoltaí gach suímh ina raibh cónaí ort, Éirchód san áireamh, mar aon leis na dátaí ábhartha (Blianta).<br><br>Chomh maith leis sin, léirigh suíomh/seoladh beacht an tí/na dtithe ar léarscáil.<br><br>Soiléirigh cineál na háitíochta i ngach cás, le do thoil m.sh. Ag maireachtáil leis an teaghlach, áitíocht an úinéara, ligthe ar cíos srl.<br><br>(Bain úsáid as leathanach ar leith nuair is gá). | 2.6 | Má tá, tabhair sonraí seoladh / seoltaí gach suímh ina raibh cónaí ort, Éirchód san áireamh, mar aon leis na dátaí ábhartha (Blianta).<br><br>Chomh maith leis sin, léirigh suíomh/seoladh beacht an tí/na dtithe ar léarscáil.<br><br>Soiléirigh cineál na háitíochta i ngach cás, le do thoil m.sh. Ag maireachtáil leis an teaghlach, áitíocht an úinéara, ligthe ar cíos srl.<br><br>(Bain úsáid as leathanach ar leith nuair is gá). |
| 2.3 | Má bhí cónaí ort roimhe seo sa cheantar tuaithe áitiúil seo, tabhair ainm agus seoladh na scoile/na scoileanna áitiúla ar fhreastail tú uirthi / orthu agus dátaí freastail más cuí. | 2.7 | Má bhí cónaí ort sa cheantar tuaithe áitiúil seo roimhe seo, tabhair ainm agus seoladh na scoile/na scoileanna áitiúla ar fhreastail tú uirthi / orthu agus dátaí freastail más cuí. |
| 2.4 | Má bhí cónaí ort roimhe seo sa cheantar tuaithe áitiúil seo, an bhfuil tú ag obair sa cheantar tuaithe áitiúil seo faoi láthair nó an raibh tú ag obair ann roimhe seo?<br><br>Tabhair sonraí iomlána faoi chineál na hoibre, suíomh na hoibre agus dátaí na fostaíochta srl. | 2.8 | Má bhí cónaí ort roimhe seo sa cheantar tuaithe áitiúil seo, an bhfuil tú ag obair sa cheantar tuaithe áitiúil seo faoi láthair nó an raibh tú ag obair ann roimhe seo?<br><br>Tabhair sonraí iomlána faoi chineál na hoibre, suíomh na hoibre agus dátaí na fostaíochta srl. |

*** Sainmhínítear an Ceantar Tuaithe Áitiúil i mír 5.4.10 den Phlean Forbartha Contae 2022 mar "baile fearainn, paróiste nó abhantrach na scoile tuaithe áitiúla a bhfuil nasc láidir sóisialta agus/nó eacnamaíoch ag an iarratasóir leis"**

| 3. | Gabhálta(i)s Talún Tuaithe do Theaghlaigh / Gníomhaíocht Talmhaíochta |
|---|---|
| 3.1 | An bhfuil an suíomh mar chuid de ghabháltas talún atá i do sheilbh féin nó i seilbh duine do theaghlaigh?<br>(Cuir tic mar is cuí) Tá ☐ Níl ☐ |
| 3.2 | An bhfuil sé ar intinn agat seilbh a ghlacadh ar ghabháltas / feirm? (cuir tic mar is cuí)<br>Tá – go lánaimseartha ☐ Tá - go páirtaimseartha ☐ Níl. ☐<br>Soiléirigh, le do thoil, cathain a bhí / atá an gabháltas á aistriú. |
| 3.3 | Luaigh úinéir an ghabháltais agus cuir in iúl cén gaol atá ag an duine sin leis an iarratasóir? (m.sh., *athair an iarratasóra 1, deartháir an iarratasóra 2, is leis an iarratasóir é 2, neacht leis an iarratasóir 1, Eile (mínigh le do thoil)*) |
| 3.4 | Má d'fhreagair tú 'Tá' ar cheist faoi 3.1 nó 3.2, luaigh méid an ghabháltais iomláin (i heicteáir).<br>***NB: Cuir san áireamh aon ghabháltais feirme 'lasmuigh' má bhaineann*** |
| 3.5 | Luaigh, le do thoil, cathain a fuarthas an gabháltas thuas (bliain) |
| 3.6 | Ceangail léarscáil/eanna clárlainne an ghabháltais iomláin, lena n-áirítear gabháltais feirme 'lasmuigh', dá dtagraítear thuas. Ní mór na suímh seo a leanas a mharcáil go soiléir<br>• Suíomh an tí bhunaidh<br>• Suímh aon teaghaisí teaghlaigh eile<br>• Aon chead(anna) pleanála eile ar an ngabháltas (lena n-áirítear láithreáin a díoladh<br>• Suímh na bpríomhfhoirgneamh talmhaíochta ar fad |
| 3.7 | An bhfuil tú ag gabháil go pearsanta do Thalmhaíocht? |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Iarratasóir 1** | | | **Iarratasóir 2** | | |
| | Go lánaims. | Tá ☐ | Níl ☐ | Go lánaims. | Tá ☐ | Níl ☐ |
| | Go páirtaims. | Tá ☐ | | Go páirtaims. | Tá ☐ | |
| | | | | | | |

| | |
|---|---|
| 3.8 | Má tá tú ag gabháil don Talmhaíocht, cad é cineál na feirmeoireachta /an ghnó talmhaíochta atá á dhéanamh?<br>Nóta: Ceangail léarscáil den ghabháltas talmhaíochta ábhartha (más ann dó) agus suímh na bpríomhfhoirgneamh talmhaíochta marcáilte go soiléir. |
| 3.9 | Mura bhfuil baint ag ceachtar den dá iarratasóir le feirmeoireacht na talún, tabhair ainm agus seoladh an phríomhdhuine atá ag déanamh feirmeoireachta ar an ngabháltas. |

| 4. | Gabháltais eile |
|---|---|
| 4.1 | Mura bhfuil an láithreán ina chuid de ghabháltas teaghlaigh, cuir isteach sonraí faoi ainm agus seoladh iomlán an úinéara talún (Éirchód san áireamh) agus léarscáil chlárlainne den ghabháltas iomlán óna bhfuil an láithreán á chur i gceangal leis. |

| 5. | Slite Beatha Eile Tuaithe / Naisc áitiúla | | |
|---|---|---|---|
| 5.1 | Léirigh aon cheann díobh seo a leanas a bhfuil feidhm aige** agus cuir an fhaisnéis/an doiciméadú tacaíochta ábhartha go léir san áireamh leis an bhfoirm SF1, an méid seo a leanas san áireamh:<br>• Ainm iomlán agus seoladh an fhostóra agus nádúr na fostaíochta.<br>• Sonraí faoin achar ama a bhí tú fostaithe (dátaí).<br>• Léarscáil a thaispeánann suíomh na fostaíochta (aitheanta ar léarscáil).<br>Úsáid bileog ar leith más gá: | | |
| | | **Iarratasóir 1** | **Iarratasóir 2** |
| (a) | Ag obair go lánaimseartha i bhfeirmeoireacht, foraoiseacht, uiscebhealach intíre, gairmeacha gaolmhara muirí. | Tá ☐<br>Níl ☐ | Tá ☐<br>Níl ☐ |
| (b) | Turasóireacht inbhuanaithe tuaithe | Tá ☐<br>Níl ☐ | Tá ☐<br>Níl ☐ |
| (c ) | Slite beatha a bhaineann le Feirmeoireacht /Acmhainní Nádúrtha | Tá ☐<br>Níl ☐ | Tá ☐<br>Níl ☐ |
| (d) | Fostaíocht bhuan atá riachtanach do sheachadadh seirbhísí sóisialta agus pobail agus atá nasctha go dlúth leis an gceantar tuaithe áirithe seo | Tá ☐<br>Níl ☐ | Tá ☐<br>Níl ☐ |
| (e ) | Gnó lánaimseartha i gceantar Tuaithe atá bunaithe sa bhaile:<br>(Cuirfear isteach faisnéis ábhartha a theastaíonn de réir Chuspóra RP5-9 den Phlean Forbartha Contae 2022 sa chás go mbaineann an catagóir seo) | Tá ☐<br>Níl ☐ | Tá ☐<br>Níl ☐ |
| (f) | Is féidir sonraí a bhaineann leis an gcatagóir ábhartha thuas a chomhlánú anseo nó ar bhileog ar leith<br><br>Ainm agus Seoladh an Fhostóra<br><br>Ról<br><br>Dátaí<br><br>Suíomh Oibre (cuir léarscáil san áireamh) | | |
| | ** Níl feidhm ag na catagóirí thuas maidir le gach ceann de na Cineálacha Limistéir Beartais Tithíochta Tuaithe atá liostaithe faoi Chaibidil 5 de Phlean Forbartha Contae 2022. Féach le do thoil ar Phlean Forbartha Contae 2022 lena aghaidh sin. | | |

## 6. Riachtanas Tithíochta a gineadh faoin Tuath.

**(Tabhair pictiúr chomh hiomlán agus is féidir, le do thoil, de riachtanas tithíochta áitiúil a ghintear faoin tuath gach iarratasóra (más ann dó). Ba chóir sonraí breise a thabhairt ar bhileoga breise, nuair is gá**

| | **Iarratasóir 1** | | **Iarratasóir 2** |
|---|---|---|---|
| 6.1 | An bhfuil aon mhaoin chónaithe agat faoi láthair, nó an raibh aon mhaoin chónaithe agat riamh?<br>Tá ☐ Níl ☐<br>Más TÁ a d'fhreagair tú, tabhair seoladh / seoltaí ábhartha agus Éirchód ar bhileog cheangailte agus léirigh tréimhsí úinéireachta. | 6.4 | An bhfuil aon mhaoin chónaithe agat faoi láthair, nó an raibh aon mhaoin chónaithe agat riamh?<br>Tá ☐ Níl ☐<br>Más TÁ a d'fhreagair tú, tabhair seoladh / seoltaí ábhartha agus Éirchód ar bhileog cheangailte agus léirigh tréimhsí úinéireachta. |
| 6.2 | An bhfuair tú riamh cead pleanála le haghaidh áit chónaithe i gceantar tuaithe?<br>Fuair ☐ Ní bhfuair ☐<br>Más Fuair a d'fheagair tú, luaigh an uimhir thagartha/na huimhreacha tagartha ábhartha le do thoil: | 6.5 | An bhfuair tú riamh cead pleanála le haghaidh áit chónaithe i gceantar tuaithe?<br>Fuair ☐ Ní bhfuair ☐<br>Más Fuair a d'fheagair tú, luaigh an uimhir thagartha/na huimhreacha tagartha ábhartha le do thoil: |
| 6.3 | Ar thóg tú teach roimhe seo i gceantar tuaithe?<br>Thóg ☐ Níor thóg ☐<br>Más Thóg a d'fheagair tú, cuir in iúl an suíomh (léarscáil san áireamh) agus cuir isteach an uimhir/na huimhreacha ábhartha maidir leis an gclár pleanála: | 6.6 | Ar thóg tú teach roimhe seo i gceantar tuaithe?<br>Thóg ☐ Níor thóg ☐<br>Más Thóg a d'fheagair tú, cuir in iúl an suíomh (léarscáil san áireamh) agus cuir isteach an uimhir/na huimhreacha ábhartha maidir leis an gclár pleanála: |

6.7 An bhfuil aon chúinsí eisceachtúla eile ann a thacódh le do chás ar son áit chónaithe ag an suíomh tuaithe seo?

TÁ ☐ NÍL ☐

(Má tá, leag amach na cúinsí speisialta seo sa spás thíos nó ar bhileog ar leith) (cuir tic le ceann amháin)

6.8 **Nóta;**

**Sa chás go ndéanfaí cead a dheonú, tabhair faoi deara go bhféadfar coinníoll áitíochta a chuireann srian ar áitíocht an tí bheartaithe, mar áit bhuanchónaithe, a chur i bhfeidhm.**

## 7. Sínithe & Moltóir.

**Le síniú ag an iarratasóir/na hiarratasóirí. Ní ghlactar le sínithe gníomhairí nó ionadaithe**

| | Iarratasóir 1 | | Iarratasóir 2 |
|---|---|---|---|
| 7.1 | Dearbhaím go bhfuil na sonraí a thugtar san fhoirm seo (agus in aon cheangaltáin) ceart agus má dheonófar cead le haghaidh na teaghaise seo, gurb é m'áit chónaithe bhuan é.<br><br>Síniú<br><br>Dáta: | 7.2 | Dearbhaím go bhfuil na sonraí a thugtar san fhoirm seo (agus in aon cheangaltáin) ceart agus má dheonófar cead le haghaidh na teaghaise seo, gurb é m'áit chónaithe bhuan é.<br><br>Síniú<br><br>Dáta: |
| 7.3 | **RGCS**<br>Dearbhaím go bhfuil a fhios agam go mbeidh an fhaisnéis dá bhforáiltear san fhoirm seo chomh maith leis na doiciméid tacaíochta go léir ar fáil go poiblí le feiceáil ar líne agus in oifigí an Údaráis Pleanála.<br><br>Dearbhaím go bhfuil **Cuid 3 Cosaint Sonraí** comhlánaithe agam ar m'fhoirm iarratais ar Chead Pleanála.<br><br>Síniú<br><br>Dáta | 7.4 | **RGCS**<br>Dearbhaím go bhfuil a fhios agam go mbeidh an fhaisnéis dá bhforáiltear san fhoirm seo chomh maith leis na doiciméid tacaíochta go léir ar fáil go poiblí le feiceáil ar líne agus in oifigí an Údaráis Pleanála.<br><br>Dearbhaím go bhfuil **Cuid 3 Cosaint Sonraí** comhlánaithe agam ar m'fhoirm iarratais ar Chead Pleanála.<br><br>Síniú<br><br>Dáta |

7.5

**Moltóir:**

Ní mór do Mholtóir neamhspleách* an fhaisnéis go léir a thugtar san fhoirm seo agus ina ceangaltáin a fhíorú agus ní mór dó/di aontú go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála teagmháil leis/léi chun an fhaisnéis sin a fhíorú.

Ba cheart don **Moltóir*** an chuid seo den fhoirm a chomhlánú (ag baint úsáide as Bloclitreacha) agus síniú thíos chun a f(h)íorú ar an bhfaisnéis a dheimhniú.

| | |
|---|---|
| Ainm an Mholtóra: | |
| Seoladh: | |
| Uimhir teileafóin teagmhála: | |
| Slí Bheatha: | |
| Síniú an Mholtóra: | |

(* Duine den Chléir, Dlíodóir, Garda, Feidhmeannach Síochána nó Príomhoide Scoile)

Tabhair ar aird le do thoil go gcuirfear an fhaisnéis seo ar fáil ar an gcomhad pleanála poiblí.